

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

**Treoir maidir le Beartas ar Shocrú isteach um
Seirbhísí Réamhscoile**

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár Ábhair

1.0 Cuspóir	3
2.0 Bunriachtanais bheartais	3
Ceanglas 1	4
Ceanglas 2	5
Ceanglas 3	5
3.0 Dea-Chleachtas maidir le beartas maidir le Socrú isteach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.....	6
4.0 Aguisín.....	7
4.1 Faisnéis Tacaíochta	7

1.0 Cuspóir

Is é cuspóir an treoir cháipéis seo na riachtanais rialála a sholáthar do sheirbhísí réamhscoile don bheartas sonrach maidir le Socrú Isteach, mar atá leagtha amach sna [Rialacháin um Sheirbhíse Luathbhlianta \(2016\)](#) faoin [Acht um Chúram Leanaí \(1991\)](#).

Soláthraítear leis an gcáipéis seo na bunriachtanais rialála, chomh maith le leideanna agus breithnithe a thacóidh le soláthraithe cláraithe chun a chinntiú go bhforbraítear a mbeartas agus a nósanna imeachta go hiomlán agus go léirítear iad sna cleachtais ina seirbhís.

Ba cheart an fhaisnéis sa gcáipéis seo a chur i bhfeidhm leis an mbeartas sonrach ar Shocrú Isteach agus gnásanna na seirbhíse atá in éineacht leis. Ba cheart an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis an [Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta](#), agus an [Creat Cáilíochta agus Rialála](#).

Le haghaidh tagartha amháin atá an cháipéis seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála an Bheartais seo

Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí (1991) um Sheirbhís Luathbhlianta (2016), Sceideal 5.1 (s)

Ciallaíonn beartas socrú isteach maidir le seirbhís réamhscoile, na gnásanna atá i bhfeidhm sa tseirbhís le héascú comhtháthú dalta réamhscoile sa tseirbhís nuair a fhreastalaíonn siad ar an tseirbhís don chéad uair, a ndul chun cinn laistigh den seirbhís agus a n-aistriú go dtí an mbunscoil.

2.0 Bunriachtanais bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na bunriachtanais mar a leagtar amach tuilleadh sa cháipéis seo. Ní mór don ráiteas beartais gealltanais a dhéanamh go mbeidh an tseirbhís ag pleanáil go cúramach, go báúil, agus go comhoibríoch, do gach aistriú a théann i bhfeidhm ar leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís. Ní mór don ráiteas beartais aitheantas a thabhairt do na cineálacha éagsúla aistrithe a d'fhéadfadh tarlú lena n-áirítear: an t-aistriú isteach sa tseirbhís, aistrithe laistigh de shaol laethúil na seirbhíse, aistrithe amach as an tseirbhís go dtí an scoil nó seirbhís eile.

Ceanglas 1

Leagann an beartas amach conas a thacaítear le haistrithe éagsúla na leanaí- (a) ag socrú isteach sa tsuíomh (b) aistrithe laistigh den suíomh, (c) aistrithe laistigh den ghnáthamh laethúil, (d) ag bogadh chuig an mbunscoil nó chuig seirbhís úr.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

(a) Na bearta atá le glacadh, ag tosú ón nóiméid a chláraítear leanbh den chéad uair sa tseirbhís chun a chinntiú go dtacaítear go maith lena n-aistriú sa tseirbhís agus go gcomhlíonann sé riachtanais gach leanbh, a dtuismitheoirí/caomhnóirí agus a dteaghlaigh. Cuimsítear sa mhéid sin:

- Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí nua cláraithe le cuairt a thabhairt ar an tseirbhís.
- Ag cur i bhfeidhm céimeanna le príomhchaidrimh seasmhach idir foireann agus teaghlaigh a fhorbairt.
- Ag soláthar um fhaisnéis a roinnt mar is cuí agus ag comhlíonadh RGCS.
- Ag soláthar faoi choinne bhainistíocht chúramach, bháúil agus thuisceanach de chur in aithne, socrú isteach, gnáthaimh úra agus eispéireas úra do na leanaí, tuismitheoirí agus teaghlaigh.

Ní mór do thuismitheoirí a bheith gníomhach go lárnach sa phróiseas socrú isteach agus ba cheart go mbeadh fáilte rompu sa tseirbhís i gcónaí, cé acu ar thacú le haistriú a linbh sa tseirbhís, agus ag amanna fágála agus bailithe.

(b) Na céimeanna le tacú le haistrithe éagsúla na bpáistí sa tseirbhís. Áirítear leis sin ach níl sé teoranta dóibh seo a leanas:

- Leanbh ag bogadh go seomra úr,
- Uaireanta tinrimh méadaithe nó laghdaithe an pháiste,
- Foireann agus/nó leanaí aitheanta ag imeacht agus foireann agus/nó leanaí úra ag teacht
- Athruithe suntasacha le clár cúraim agus foghlama,
- Athruithe suntasacha ina saol teaghlaigh atá ar eolas na seirbhíse,
- Aistrithe ar bith eile a mhothódh an leanbh.

(c) Na céimeanna a ba chóir glacadh le cinntiú go bhfuil na leanaí compordach sna haistrithe a tharlaíonn go laethúil. Áirítear leis sin ach níl sé teoranta dóibh seo a leanas:

- Comhsheasmhacht caidrimh,
- Ag cinntiú go bhfuil leanaí ar an eolas faoi gnáthamh agus go bhfuil siad eolach ar athruithe ar bith,
- Ag cinntiú go bhfuil aistrithe mar chuid lárnach de ghnáthamh aonaracha agus go dtacaítear le pleananna cúraim.

(d) Na gnásanna le tacú le aistrithe ón tseirbhís réamhscoile go dtí an mbunscoil. Áirítear leis sin ach níl sé teoranta dóibh seo a leanas:

- Ag dul i mbun plé agus ag déanamh teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann sa scoil ina n-aistroidh an leanbh chuige, agus gairmí ar bith eile mar is cuí.
- Ag ullmhú an leanbh faoi choinne aistriú trí theanga, ábhair, agus gníomhaíochtaí forbarthach cuí.

- Ag soláthar faisnéis ábhartha ar bith (do thuismitheoirí/caomhnóirí nó le cead ó na thuismitheoirí don scoil úr) atá úsáideach le haistriú rathúil a chinntiú ón réamhscoil go dtí an mbunscoil. D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta roinnt [áiseanna](#) le tacú leis an aistriú seo.

Ceanglas 2

Míníonn an beartas conas a chaomhnaítear leanúnachas cúraim m.sh., ag úsáid córas príomhtheagmhálaí

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) nach mór a mhaígh má fheidhmíonn an tseirbhís córas an phríomhtheagmhálaí. Go gcuirtear an príomhtheagmhálaí in aithne do na thuismitheoirí/caomhnóirí chomh luath agus is féidir agus cuirtear ar an eolas iad conas a oibríonn an córas.
- (b) An fhaisnéis a iarrann an tseirbhís ó thuismitheoirí/caomhnóirí na leanaí nua cláraithe agus an leagan amach ina gcuirtear an fhaisnéis in iúl don seirbhís. Ní mór a áirítear (ach gan a bheith teoranta le) nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis an leanbh; a riachtanais agus roghanna pearsanta; a ngnáthaimh lena n-áirítear codladh; na bianna gur mhaith agus nach maith leo; cé hiad na ndaoine tábhachtacha ina saolta; a suimeanna; eochairfhocail a n-úsáideann/dtuigeann an leanbh, agus má tá rud aistrithe speisialta acu (a leithéid 'pluid').
- (c) An dóigh a ndéanann an tseirbhís teagmháil le thuismitheoirí/caomhnóirí faoi lá a linbh, agus an dóigh a bhfeidhmíonn cumarsáid laistigh den seirbhís ionas go bhfuil an fhoireann eolach ar riachtanais cúraim gach linbh sa tseirbhís.

Ceanglas 3

Sonraíonn an beartas conas mar atá thuismitheoirí páirteach sna haistrithe, mar is cuí.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Go gceaptar gur páirtí iad thuismitheoirí/caomhnóirí le tacú lena leanbh socrú isteach, agus tugtar cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí le ról gníomhach a ghlacadh i socrú isteach a linbh sa tseirbhís. ***Ní mór do thuismitheoirí a mhothú go bhfuil fáilte rompu sa tseirbhís i gcónaí le tacú leis an bpróiseas socrú isteach dá leanbh.***
- (b) Na céimeanna atá le glacadh le tacú le thuismitheoirí/caomhnóirí ar mhian leo fanacht lena leanbh le linn an phróisis socrú isteach, le cur san áireamh tacaíocht faoi choinne tarraingt siar diaidh ar ndiaidh an thuismitheora thar thréimhse solúbtha.
- (c) Na céimeanna a ghlacfaidh foireann le tacú le agus le cian a thógáil de leanbh atá suaite le linn an aistrithe agus conas a roinntear an fhaisnéis seo le thuismitheoirí.

3.0 Dea-Chleachtas maidir le beartas maidir le Socrú isteach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas seo mar atá leagtha amach sa doiciméad seo, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur i bhfeidhm an Bheartais Socrú isteach sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a threorú nuair atá sé ar fáil.

- Ba cheart go léireofaí i gcur chun feidhme an bheartais Caighdeán Síolta, go háirithe Caighdeán 13 [Aistrithe](#).
- Cuimhne a dhéanamh gur féidir le heispéireas socrú isteach an linbh a bheith ar a gcéad eispéireas a bheith scartha óna dtuismitheoirí/caomhnóirí. D'fhéadfadh leis seo cur le imní scartha agus ciapadh an linbh. Is ceann de na cúiseanna é seo gur féidir leis an t-am seo a bheith mothálach agus strusmhar do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do leanaí.
- Ná cuir brú ar thuismitheoirí/caomhnóirí leis an tseirbhís a imeacht má tá ciapadh ar an leanbh. Glacann socrú isteach am agus foighne agus ní imeacht aon-uair é.
- Smaoinigh faoi na haistrithe laethúla i saol an linbh, chomh maith leis na haistrithe níos neamhrialta.
- D'fhéadfadh le tacaíochtaí breise a bheith de dhíth ag leanaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta, leanaí le Béarla mar Theanga bhreise agus leanaí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) ag am an aistrithe.
- Tá socrú isteach agus aistrithe rathúla spleách ar fhorbairt caidrimh tacúla, freagrúla idir thuismitheoirí/caomhnóirí agus an tseirbhís trí theagmháil rialta agus faisnéis agus spriocanna a roinnt.
- Cuirtear le socrú isteach agus aistrithe rathúla trí chaidrimh freagrúla idir leanaí agus oidí atá sábháilteacht, cothaitheach, seasmhach agus leanúnach.
- Meas socrú isteach agus aistrithe ó dhearcadh na cearta, sláinte, folláine, foghlaim agus riachtanais forbartha agus riachtanais gach linbh.
- Gnáthaimh agus cleachtais a shainiúint do gach leanbh le tacú lena gcearta, riachtanais, suimeanna, a gcúinsí féin agus cúinsí a dteaghlaigh, a roghanna, a gcultúr agus a gcéad teanga.
- Caighdeán agus éifeachtach aistrithe a mheas ag úsáid modhanna éagsúla, lena n-áirítear breathnú ar linbh agus aiseolas óna dteaghlaigh.
- An t-aistriú is cuí a chinntiú chuig timpeallachtaí agus seirbhísí eile trí thús a chur le planáil aistrithe chomh luath agus is féidir sula mbogann an leanbh.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Aistear Síolta: [Treoir Chleachtais](#)
- Barnardos: [Conas a ba cheart bheith i Seirbhís Luathbhlianta \(do thuismitheoirí\)](#)
- Barnardos: [Treoir le tacú le leanaí agus teaghlaigh sna seirbhísí luathbhlianta](#)
- Tús níos Fearr: [Aistrithe: Leathanach leide um Oidí Luathbhlianta faoi choinne Aistriú go réamhscoil](#)
- Tús níos Fearr: [Aistrithe Sheomra go seomra.](#)
- Tús níos Fearr: [Aistrithe laistigh de ghnáthamh laethúil](#)
- Luath-óige Éireann. [Ag socrú leanaí.](#)
- Céad 5: [Leathanach leide um Aistrithe](#)
- Líonra Cúraim Leanaí Náisiúnta: [Cur chuige an phríomhtheagmhálaí.](#)
- Scileanna a Chothú: [Aistrithe](#)
- PACEY (An Ríocht Aontaithe). [Aistrithe agus Socrú isteach](#)
- Líonra leanaí a thógáil (An Astráil) [Ag tosach agus ag socrú isteach sa Chúram leanaí](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.29
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025